

gael scoil na gcloch liath

Bealtaine 2021



Cóibhid-19 & Níosanna Scoile

- Leanann na nósanna scoile a cuireadh i bhfeidhm ag tús na scoilbhliana seo.
- Bhí cuairt cigire agus Iniúchadh Cóibhid i rith na seachtaine. Bhí ár gcigire scoile lán-sásta lenár bPlean Scoile agus lenár nósanna Cóibhid ar fad.
- Mar gheall ar mholtaí NPHET & an Roinn, ní bheidh an scoil ag eagrú turais ranga i mbliana, ach amháin do Rang 6.
- Buíochas leis an bhfoireann, le tuismitheoirí, agus le lenár bpáistí as ár scoil a choinneáil slán.

Covid-19 & School Procedures

- All our Covid procedures that were introduced at the start of the year continue to be in place.
- We had a Covid Inspection earlier this week. The Inspector was very pleased with all our school plans and procedures.
- As a result of NPHET advice, school class tours will not be organized this year, except for Rang 6.
- Thank you to all our staff, parents, and children for keeping our school safe.

Aip Scoile nua Our new School App

Táimid tar éis aip scoile nua, DataBiz Eolas, a sheoladh ar an Luan 17 Bealtaine.

Úsáidfimid an aip chun cumarsáid a dhéanamh lenár dtuismitheoirí. Póstálfaidh an scoil nuacht agus uasdhátaithe, uile-scoile agus do rang do pháiste, ar an aip ar bhonn rialta. Is féidir le tuismitheoirí an aip a íoslódáil ar an bhfón.

Mar thuismitheoirí, tríd an aip, is féidir libh:



- teachtaireachtaí scoile a fháil
- doiciméid a fháil ón scoil i bhformáid leictreonach
- féilire na scoile a fheiscint
- tinreamh do pháiste a fheiscint, agus míniú a thabhairt nuair atá do pháiste asláthair
- tuairiscí scoile agus scóranna caighdeánaithe do pháiste a fheiscint
- billí scoile a fheiscint agus a íoc
- cuinniú tuismitheoir-múinteoir a chur in áirithe
- cead a thabhairt, nó gan cead a thabhairt, dod' pháiste a bheith páirteach in imeachtaí is turais scoile faoi leith.

We have just launched our new school app; DataBiz Eolas, on Monday 17 May, and are encouraging all parents to download it onto your phones if you have not already done so.

We will use DataBiz Eolas, to maintain communication with our parents. The school will post regular news and updates relating to the whole-school, and to your child's class through the app. Parents can download the app to your phone, both I-phone and Android.

As parents, through this app, you can:

- receive messages from the school
- receive documents in electronic format from the school
- view the school calendar
- access your child's attendance record, and inform the school of the reasons for absences
- view your child's school reports and standardised scores
- view and pay any school bills
- book a parent-teacher meeting
- grant or withhold permission for your child to participate in certain school activities or tours.





Dhá Dhuais Náisiúnta buaite ag an Scoil *Two National Awards won by the School*



Bhuaigh an scoil dhá dhuais náisiúnta le deireanas!

Bhuaigh an dá Rang 4 duais Gradam na Scoile as na tionscnaimh a chuir siad isteach sa chomórtas Eneirgia/Seachtain na Gaeilge. Bhuaigh siad dearbhán ar luach €300 i leabhair don scoil. Comhghairdeas ó chroí leo ar fad, agus buíochas ó chroí lena múinteoirí; M. Kate agus M. Faye.

Ansin ainmníodh an scoil do dhuais náisiúnta a bhronnann na foilsitheoirí Móinín ar scoil amháin sa tír gach bliain. Bronntar an duais seo ar ghaelscoil a mheasann siad a bhfuil dul chun cinn suntasach déanta aici ina ceantar. Gabhaimid buíochas ó chroí le Ré Ó Laighléis ó Mhóinín, as an duais seo a bhronnadh orainn; b'aoibhinn linn an beart ollmhór leabhar a fheiscint! Thug Ré cuairt ar an scoil roinnt blianta ó shin chun ceardlann scríbhneoireachta a dhéanamh leis na páistí, agus bhaineamar ar fad an-sult as a chuairt spleodrach. Is údar aitheanta é, le réimse leabhar Gaeilge scríofa agus foilsithe aige do pháistí is déagóirí. Beidh aithne ag cuid dár ndaltaí sinsearaí agus ár n-iarhdhaltaí ar obair Ré.

The school recently won TWO national awards!

Both of our Rang 4 together won the award Gradam Scoile for their entries in the Energia/Seachtain na Gaeilge competition. They received a voucher worth €300 in books. Congratulations to all the children, and many thanks to their teachers, M. Kate and M. Faye.

The school was also nominated for a national award that is presented to only one gaelscoil in the country annually for their significant progress in the local area. Huge thanks to Ré Ó Leighléis from Móinín, the Irish language book publishers, who awarded this accolade to us. We were delighted to receive a wonderful selection of books. Ré visited us here a number of years ago when he presented a writers workshop for the senior classes; we all thoroughly enjoyed his exciting presentation. Ré is a very well-known author and publisher of Irish language books for children and young adults. Many of our senior children and past pupils will be familiar with some of his work.





Bord Bainistíochta

Ag an gcruinniú deireanach pléadh na nithe seo a leanas;

- Cuntais scoile
- Cúrsaí clárúcháin
- Plean Tíreolachta & Ceoil
- Aip nua scoile
- Cúrsaí foirgnimh—athshreangú sa samhradh ón Roinn.

Board of Management

At the most recent meeting the following items were discussed:

- School finances
- Enrolment
- Geography & Music Plans
- New school app
- School building—Dept. rewiring to take place over the summer.

Ár Seomra Lasmuigh Our Outdoor Classroom

Tá na múinteoirí agus na páistí ag baint níos mó úsáide ná riamh as ár seomra lasmuigh i mbliana. Tá an aimsir álainn samhrúil ag cur go mór leis an eispéaras lasmuigh do gach éinne.

Gabhaimid buíochas le Brian Fennessy a dhear agus a chroch clár bán ann. Beidh sé seo an-úsáideach dúinn agus cuideoidh sé linn úsáid níos fearr a bhaint as an spás seo. Buíochas le M. Breandán fosta a chuididh leis an obair seo ar fad.

The teachers and the children have been using our outdoor classroom more than ever this year. The wonderful summer weather recently has added to the experience for all.

Thank you to Brian Fennessy who designed and installed a new whiteboard for us. This will be a great addition to this space and will enable us to make even greater use of the area. Thanks also to M. Breandán who assisted with the outdoor whiteboard.



Comhbhrón Condolence

Déanann muid comhbhrón ó chroí le Lorcan, iardhalta dár gcuidse, agus a mhuintir, ar bhás tobann a dhaid, Criostóir. Cuimhneoidimid i gcónaí ar Chriostóir, agus Helen, atá imithe ar shlí na fírinne cheana, le gean.

We extend our heartfelt condolences to Lorcan, one of our past-pupils, and his family, on the sudden death of his father, Criostóir. We will always remember Criostóir, and Helen, with affection.

Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh.



Ár nEalaín

Tá ballaí na scoile maisithe ar bhealach álainn na laethanta seo le hobair agus le healaín na bpáistí. Seo thíos roinnt samplaí den méid atá ar taispeáint.

The school walls are beautifully decorated at the moment with the children's artwork and project work. Below are just some examples that are on display.

